



**Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin**

# **ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003**

## **SCÉIM TEANGA**

**Ó 2015 - Go 2018**

## Clár

<b>Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra .....</b>	<b>3</b>
<b>1.1 Réamhrá .....</b>	<b>3</b>
<b>1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime.....</b>	<b>3</b>
<b>1.3 Dáta Tosaithe na Scéime .....</b>	<b>3</b>
<b>Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin.....</b>	<b>4</b>
<b>2.1 Misean agus Aidhmeanna .....</b>	<b>4</b>
<b>2.2 Príomhfheidhmeanna .....</b>	<b>4</b>
<b>2.3 Príomhsheirbhísí.....</b>	<b>4</b>
<b>2.4 Custaiméirí agus Cliaint .....</b>	<b>4</b>
<b>Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin nó go dátheangach.....</b>	<b>5</b>
<b>Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge.....</b>	<b>6</b>
<b>Caibidil 5: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht .....</b>	<b>10</b>
<b>Caibidil 6: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge.....</b>	<b>12</b>
<b>6.1 Earcaíocht .....</b>	<b>12</b>
<b>6.2 Oiliúint agus Forbairt.....</b>	<b>12</b>
<b>6.3 Poist Shainithe Ghaeilge .....</b>	<b>15</b>
<b>Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú .....</b>	<b>16</b>
<b>Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe.....</b>	<b>17</b>
<b>Aguisíní.....</b>	<b>18</b>

# Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

## 1.1 Réamhrá

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholathróidh siad

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí, ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

## 1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Tá aird mar is cuí tugtha ar na Treoirlínte a d'eisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an scéim seo á hullmhú. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin á threorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge;
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Tá sí curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.

Tuigtear agus aithnítear an t-am agus an iarracht a chuireann gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo isteach ann.

## 1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim daingnithe ar an **09/02/2015** ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tosaíonn sí le héifeacht ón dáta seo agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

## Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

### 2.1 Misean agus Aidhmeanna

Is é misean Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile oideachais agus comhlachtaí forbartha pobail, comharsanachtaí foghlama a chruthú agus a chur chun cinn i gContaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin, le go mbeidh rochtain ag gach duine a chónaíonn i gContaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin ar an oideachas agus ar an oiliúint is gá dá gcuid riachtanas pearsanta, sóisialta, cultúrtha, geilleagrach agus sibhialta.

### 2.2 Príomhfheidhmeanna

Is comhlacht reachtúil é Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin ('an Bord'), le freagrachtaí forleathana as seachadadh oideachais agus oiliúna i scoileanna dara leibhéal, i gcoláistí breisoideachais agus in ionaid aitheanta oideachais (scéimeanna litearthachta agus oideachas aosach) i gContaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin. Sa todhchaí, beidh ról ag an mBord san earnáil bunoidreachais (Scoileanna Pobail Náisiúnta). Is é an Bord an áisíneacht stáit ar a dtiteann an fhreagracht an t-ionad oiliúna SOLAS( FÁS roimhe seo ) i Mervue, Gaillimh, a riaradh.

### 2.3 Príomhsheirbhísí

Bunaíonn agus coinníonn Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin scoileanna agus ionaid aitheanta oideachais, agus pleanálann, soláthraíonn, comhordaíonn agus athbhreithníonn an Bord soláthar an oideachais agus na hoiliúna laistigh dá chuid limistéar seirbhíse. Tá de dhualgas ar an mBord freisin (faoi threoir ón Aire Oideachais agus Scileanna) seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do sholáthraithe eile oideachais agus oiliúna. Tharlódh go soláthrófaí na tacaíochtaí seo i gcomhthéacs tionscadal caipitil agus talún, acmhainní daonna, seirbhísí airgeadais, seirbhísí dlí, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus rialachas corparáideach .

### 2.4 Custaiméirí agus Cliaint

Pobail uile Chontaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin;  
Mic léinn, tuismitheoirí/caomhnóirí a chomhdhéanann pobail/comharsanachtaí foghlama ár scoileanna iarbhunoidreachais ar fad, ár n-ionaid aitheanta oideachais agus gach seirbhís eile a sholáthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, lena n-áirítear seirbhísí breisoideachais agus oiliúna, seirbhísí oideachas pobail agus seirbhísí obair ógra;  
Ranna stáit/comhlachtaí leathstáit, gníomhaireachtaí deonacha, grúpaí pobail agus daoine aonair; agus Fostaithe Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

### Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin nó go dátheangach

Ní mór sonraí a thabhairt de na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin nó go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla, **ag cur seirbhísí sa Ghaeltacht san áireamh.**

Soláthar Seirbhísí Ar Fáil Faoi Láthair		
Seirbhísí (Ginearálta)	Seirbhísí i mBéarla amháin	Béarla amháin nó go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla
Scoileanna iar-bhunoideachais	Gach scoil i mBéarla, ach amháin Coláiste na Coiribe agus Coláiste an Eachréidh, dhá scoil iar-bhunoideachais lán-Ghaeilge.	
	Ionaid Ógtheagmhála, Scéim Deiseanna Oiliúna Gairme, Ionaid Litearthachta d'Aosaigh,	Treoir san Oideachas Aosach; Oideachas Pobail
Ceanncheathrú Riaracháin, An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí	, Rannóg Airgeadais	Rúnaí an Phríomhfheidhmeannaigh; Seirbhísí Corparáideacha; Acmhainní Daonna; Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC/ICT); Seirbhísí Tacaíochta don Bhord; Oifigeach Óige; Timire Gaeilge
Teach Oileáin, Gaillimh		Rannóg Foirgneamh
Ionad Oiliúna an Bhoird, Páirc Gnó Mervue		Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna
Fo-oifig an Bhoird, Ros Comáin	Gach seirbhís i mBéarla	
Seirbhísí ar fáil sa Ghaeltacht		Béarla amháin nó go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla
I nGaeilge amháin: gach scoil iar-bhunoideachais; Ionad Ógtheagmhála, Ionad Scéim Deiseanna Oiliúna Gairme (VTOS), Ionaid Litearthachta d'Aosaigh; Breacadh		Ionad Oideachais Sheachtraigh Cheapach na gCapall, An Fhairche

## Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge

Is riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha i gcló liath atá le feiceáil sa tábla thíos.

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanais	
<b>Fógraí réamhthaifeadta ó Bhéal</b>		<p>Beidh na fógraí réamhthaifeadta seo a leanas i nGaeilge nó dátheangach:</p> <p>(a) Cuirfear fógraí taifeadta ó bhéal ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach ar an guthán nuair atá ár n-oifigí dúnta.</p> <p>(b) Cuirfear fógraí taifeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.</p> <p>(c) Cuirfear fógraí ó bhéal a chruthaítear agus a chraoltar trí chóras ríomhtheachtaireachta nó trí chóras ríomhfhreagartha gutháin ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.</p> <p>Tabhair faoi deara gur fógairtí ‘taifeadta’ seachas fógairtí ‘beo’ a bhaineann le hábhar anseo.</p> <p>Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, úsáidfear an leagan Gaeilge den Logainm atá sonraithe san Ordú sin i bhfógraí taifeadta ó bhéal a dhéanann nó ar a shon.</p>	Éigeantach
<b>Cumarsáid i Scríbhinn</b>	<b>Litreacha agus Post leictreonach</b>	Tabharfar freagra ar an gcumarsáid scríofa uile sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.	Éigeantach
	<b>Stáiseanóireacht</b>	Ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe ar a n-áirítear nóta-pháipéar, duillíní dea-mhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.	Éigeantach
<b>Comharthaí</b>	<b>Comharthaí</b>	Ní mór an chomharthaíocht uilig a chuireann Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann a	Éigeantach

		bheith i nGaeilge nó dátheangach, faoi réir na rialachán (I.R. Uimh 391/2008).	
Foilseacháin	Foilseacháin	Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí polasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.	Éigeantach
	Ciorcláin / Cora Poist	I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid	Éigeantach
An Ghaeltacht	Logainmneacha Gaeltachta	Bainfear úsáid as Logainmneacha Oifigiúla na gCeantar Gaeltachta i ngnó oifigiúla	Éigeantach

Féach ar an lámhleabhar leis seo i gcomhair liosta gníomhartha molta faoi gach seirbhís.

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanais	Amlíne Laistigh de BI.1/BI.2/BI.3
Cumarsáid ó Bhéal	Fáiltiú	Beannófar roimh chustaiméirí i dtosach báire i nGaeilge agus ansin i mBéarla. Beidh seirbhís trí mheán na Gaeilge ar fáil ó na rannóga seo a leanas: Gach rannóg ag ceanncheathrú GRETB, i mBaile Átha an Rí; an Roinn Foirgneamh ag Teach Oileáin, Gaillimh; agus an t-ionad oiliúna agus breisoideachais i bPáirc Gnó Mervue, Mervue, Gaillimh	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime
	Seirbhís Duine le Duine/Chuntair	Cuirfear liosta chun dáta ar fáil de bhaill foirne atá in ann seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge.	Laistigh de chéad bhliain na scéime
	Lasc-chlár	Tabharfaidh foireann an lasc-chláir ainm an chomhlachta poiblí i nGaeilge agus i mBéarla.	Go leanúnach
	Cumarsáid ghutháin leis an bpobal	Cuirfidh baill foirne dátheangacha custaiméirí ar an eolas go bhfuil siad sásta gnó a dhéanamh trí Ghaeilge má theastaíonn.	Go leanúnach

<b>Cumarsáid Scríofa</b>	<b>Fógraí réamhtháifeadta ó Bhéal</b>	Beidh beannuithe pearsanta réamhtháifeadta gutháin na mball foirne i bhfoirm dhátheangach.	Cuirfear i bhfeidhm faoi dheireadh chéad bhliain na scéime
	<b>Fógraí Beo</b>	Beidh 20% d'fhógraí beo dátheangach.	Go leanúnach
	<b>Bileoga Eolais/Bróisiúir</b>	Beidh leagan dátheangach nó Gaeilge ar fáil de na bileoga eolais agus na bróisiúir is mó a úsáidtear.	Faoi dheireadh na chéad scéime
	<b>Foirmeacha Iarratais</b>	Beidh leagan dátheangach nó Gaeilge ar fáil de na foirmeacha iarratais is mó a úsáidtear.	Go leanúnach
	<b>Eile</b>	Beidh gach foirm nua iarratais ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.	Óna ndáta foilsithe
<b>Na Meáin</b>	<b>Preaseisiúintí</b>	Eiseofar gach preasráiteas go dátheangach chuig na meáin agus é mar aidhm go n-eiseofar an t-ábhar seo go comhuaineach.	Go leanúnach
	<b>Urlabhraithe na Meán</b>	Beidh urlabhraí/urlabhraithe Gaeilge ar fáil i gcomhair agallamh leis na meáin Ghaeilge.	Go leanúnach
	<b>Óráidí</b>	Beidh 10% d'ábhar Gaeilge in óráidí Béarla. Bheifí ag súil anseo go gcuimseofaí beannachtaí tosaigh agus deiridh óráide mar aon le tagairtí thall is abhus i nGaeilge d'ábhar agus/nó d'ócáid na hóráide, ar a laghad.	Go leanúnach
	<b>Eile</b>	Beidh gach óráid a bhaineann le hócáid Ghaeltachta/sa Ghaeltacht go hiomlán i nGaeilge	Go leanúnach
<b>Teicneolaíocht Faisnéise</b>	<b>Ríomhphoist</b>	Foilseoidimid seoladh ríomhphoist ar leith i gcomhair ceisteanna i nGaeilge ar shuíomh/suímh gréasáin an chomhlachta phoiblí. Beidh gnáth-theachtaireachtaí ríomhphoist - séanadh mar shampla - dátheangach.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime
	<b>Suíomhanna Gréasáin</b>	Beidh an t-ábhar seasta ar an suíomh gréasáin agus ar shuíomh gréasáin tánaisteach ar bith eile de chuid an chomhlachta phoiblí ar fáil go dátheangach. Beidh nascleanúint ó leathanach ar an leagan Béarla den suíomh gréasáin chuig an leathanach ábhartha ar an leagan Gaeilge.	Faoi dheireadh na chéad scéime



		Forbrófar leathanach Gaeilge ar an inlíon agus cuimseoidh sé treoir bhunúsach maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge agus infhaighteacht acmhainní teanga Gaeilge.	
	<b>Córais Ríomhaireachta</b>	Beidh córas ríomhaireachta nua ar bith a shuiteálfar ábalta déileáil leis an nGaeilge.	On tús, de réir mar a shuiteálfar.
	<b>Seirbhísí Idirghníomhacha</b>	Cuirfear gach seirbhís ar líne agus idirghníomhach ar fáil ar bhonn dátheangach. Cuirfear gach seirbhís nua ar líne agus idirghníomhach ar fáil ar bhonn dátheangach.	On tús, de réir mar a shuiteálfar
	<b>Eile</b>	Beidh ráiteas fáiltithe an Phríomhfheidhmeannaigh ar an suíomh idirlín Boird ar fáil go dátheangach agus dearbhófar tiomantas an Bhoird do chur i bhfeidhm ghealltanais scéim teanga an Bhoird san fháiltiú sin. Dá gcinnfeadh an Bord líne lipéid eagraíochta amach anseo, gealltar go mbeidh an fhoclaíocht dátheangach. Cuirfidh an Bord tús le feachtas comharthaíochta inmheánaí dátheangaí in oifigí, scoileanna agus ionaid aitheanta oideachais eile dá chuid le linn chéad bhliana na scéime seo	Ó thús na scéime seo.
<b>An Ghaeltacht</b>	<b>Cruinnithe</b>	Nuair a theastaíonn, tionólfar cruinnithe sa Ghaeltacht i nGaeilge amháin, le haistriúchán comhuaineach i mBéarla, mar is cuí. Cuirfear fáilte roimh ionchur i nGaeilge agus i mBéarla ag cruinnithe poiblí a eagraíonn an comhlacht poiblí nó a eagraítear thar a cheann. Beidh cruinnithe a eagraíonn comhlacht poiblí, a bhaineann le gnóthaí Gaeilge, i nGaeilge nó dátheangach, mar is cuí.	Go leanúnach

## Caibidil 5: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht

Ag feabhsú soláthar seirbhísí i gceantair Ghaeltachta agus ag cinntiú go ndéanfar teanga oibre den Ghaeilge in oifigí suite sa Ghaeltacht faoi dháta áirithe.

### Gealltanais sa Ghaeltacht

Cur síos ar na seirbhísí sa Ghaeltacht	Gealltanais	Amlíne Laistigh de BI.1/BI.2/BI.3
Seachas seirbhís an Ionaid Oideachais Sheachtraigh i gCeapach na gCapall, An Fhairche, tá gach seirbhís de chuid an Bhoird seo á gcur ar fáil trí mheán na Gaeilge amháin sna limistéir Ghaeltachta a thagann faoina chúram.	Beidh polasaí Gaeilge agus polasaí maidir le hoideachas Gaeltachta ag an mBord. Deimhneoidh an Bord tiomantas don pholasaí seo ag cruinniú oifigiúil an Bhoird agus athdheimhneofar an athuair é i ráiteas fáiltithe an Phríomhfheidhmeanniagh ar shuíomh idirlín an Bhoird.	Faoi dheireadh bhliain 1 na chéad scéime
[ ]	Aithníonn an Bord go bhfuil sainriachtanais teanga ag pobal Gaeltachta. Déanfaidh an Bord gach iarracht gach seirbhís a bhaineann leis an nGaeltacht a sholáthar trí mheán na Gaeilge, ag tosú le linn thréimhse saoil na chéad scéime.	Go leanúnach
[ ]	Ní dhéanfaidh polasaithe/tionscnaimh/cláir nua de chuid an Bhoird aon díobháil do shainchultúr agus teanga na Gaeltachta agus déanfaidh an Bord gach is féidir iad a chothú agus a neartú.	Go leanúnach
[ ]	Maidir le logainmneacha Gaeltachta, is é an leagan oifigiúil a úsáidfidh an Bord i gcónaí, de réir Ionstraim Reachtuil Uimhir 872 de 2004 - An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta), 2004.	Go leanúnach
[ ]	Cinntoidh an Bord, ag tosú le linn thréimhse saoil na chéad scéime, gurb í an Ghaeilge a bheidh mar theanga oibre in aon scoil/ionad/oifigí Gaeltachta nach bhfuil ag feidmiú amhlaidh faoi láthair.	Ag tosú le linn thréimhse saoil na chéad scéime
[ ]	Ag tosú le linn thréimhse saoil na chéad scéime, féachfaidh an Bord le rúnaithe/fáilteoirí/oibrithe eile a cheapadh in oifigí Gaeltachta (scoileanna	Go leanúnach

	agus ionaid oideachais aitheanta) a bheidh in ann déileáil go héifeachtach le húsáideoirí Gaeilge sa phobal.	
	Foilseofar doiciméadacht a bhaineann le ceantar Gaeltachta i nGaeilge amháin nó go dátheangach.	Go leanúnach
	Féachfaidh an Bord le cruinnithe a eagraíonn an Bord don phobal Gaeltachta a chur i láthair trí mheán na Gaeilge.	Go leanúnach
	Ag tosú le linn thréimhse saoil na chéad scéime, féachfaidh an Bord le foireann riaracháin speisialaithe a shannadh do chúram an oideachais Ghaeltachta/an Ghaeloideachais. Tairgfear an uas-sciliú cuí don fhoireann sin le go mbeidh sí inniúil ar sheirbhís éifeachtach a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.	Ag tosú le linn thréimhse saoil na chéad scéime
	Maidir le scoileanna agus ionaid aitheanta oideachais an Bhoird sa Ghaeltacht, cinnteoidh an Bord, oiread agus is féidir, go gceapfar foireann teagaisc a bheidh inniúil ar raon iomlán soláthar ábhar curaclaim a theagasc go héifeachtach trí mheán na Gaeilge.	Go leanúnach

### An Ghaeilge mar theanga oibre sna hoifigí lonnaithe sa Ghaeltacht

<b>Gealltanas</b>	<b>Amlíne Laistigh de BI.1/BI.2/BI.3</b>
Faoi láthair, tá gach oifig Ghaeltachta de chuid an Bhoird, seachas Ionad Oideachais Sheachtaigh Cheapach na gCapall, ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge. Is go dátheangach a fheidhmíonn Ionad Cheapach na gCapall, An Fhairche.	

## Caibidil 6: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge

### 6.1 Earcaíocht

Is é earcú foirne le scileanna cumasacha Gaeilge i ngach réimse d'obair |Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin| an príomhbhealach a bheidh ann chun barr feabhais a chur ar infhaighteacht seirbhísí i nGaeilge. Beidh aird ag ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir an chreata de nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta d'earcaíocht, ar an ngá chun inniúlacht Gaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.


Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe, ar fáil do gach ball foirne chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

### 6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá |Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin| tiomanta deiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir ár n-acmhainní. Cuirfear an fhoireann iomlán ar an eolas faoi áiseanna/dheiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

		<b>Gealltanais</b>	<b>Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3</b>
<b>Feabhsú ar chumas Gaeilge</b>	<b>Earcaíocht</b>	Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ar fáil do bhaill nua foirne ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime
	<b>Oiliúint</b>	Cuirfear deiseanna ar fáil chun cumas Gaeilge na foirne a fheabhsú. I gcomhairle leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, déanfar socruithe cuí chun oiliúint sa Ghaeilge agus teastas tástála inniúlachta a chur ar fáil don fhoireann chun: <ul style="list-style-type: none"><li>• tacú leis an bhfoireann chun a líofacht sa Ghaeilge a choimeád agus a fhorbairt,</li><li>• feabhas a chur ar chumas na foirne a n-oibleagáidí agus a riachtanais Ghaeilge i gcur i gcrích a ndualgas a chomhlíonadh, agus</li><li>• córas tástála inniúlachta creidiúnaithe a chur ar fáil don fhoireann.</li></ul> Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi	Go leanúnach

		<p>acmhainní teanga ar nós:  <a href="http://www.focal.ie">www.focal.ie</a>, <a href="http://www.focloir.ie">www.focloir.ie</a>,  <a href="http://www.breis.focloir.ie">www.breis.focloir.ie</a>, <a href="http://www.abair.ie">www.abair.ie</a>,  chomh maith le WinGléacht, an leagan leictreonach d'fhoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill.</p>	
	<p><b>Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn/ Acmhainní a chur ar fáil</b></p>	<p>Cinntoidh ár leabharlann inmheánach go mbeidh leabhair agus ábhair eile i nGaeilge ar fáil mar acmhainn don fhoireann chun a gcumas Gaeilge a fheabhsú.</p> <p>Spreagfar an fhoireann chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúrtha teanga.</p> <p>Beidh an fhoireann ar an eolas faoi choincheap an chomhaontaithe réamhghníomhaigh – ag tairiscint seirbhísí go réamhghníomhach don phobal.</p> <p>Tairgfear agus dreasófar forbairt ghairmiúil leanúnach chuí d'fhoireann riaracháin an Bhoird chun an leibhéal inniúlachta sa Ghaeilge a neartú.</p> <p>Éascófar rochtain ar eolas maidir le hacmhainní teanga.</p>	<p>Go leanúnach</p>
	<p><b>Eile</b></p>	<p>Leanfar leis an tacaíocht a cuireadh ar fáil roimhe seo (ag coistí gairmoideachais faoi leith) chun inniúlacht Ghaeilge na foirne a thabhairt céim ar aghaidh, trí mhaoiniú a dhéanamh ar chúrsaí aitheanta ag leibhéal teastais, dioplóma agus/nó céime a chuideodh le forbairt, caighdeán, raon agus minicíocht na seirbhísí Gaeilge a thairgimid don phobal, eadhon, cúrsaí aistriúcháin, cúrsaí i labhairt agus scríobh na Gaeilge, agus cinn eile nach iad a bhféadfadh tionchar dearfach a bheith acu ar inniúlacht ghinearálta na foirne</p>	<p>Go leanúnach</p>



riaracháin agus bainistíochta seirbhís d'ardchaighdeán i nGaeilge a chur ar fáil.

Cuirfear póstaer chearta teanga (ar fáil ó Oifig an Choimisinéara Teanga) ar crochadh in áit shuntasach i ngach oifig riaracháin/gach/agus gach ionad aitheanta oideachais Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin.

Tionscnófar suirbhé foirne lena leibhéal inniúlachta sa Ghaeilge a thomhais, ina dtabharfar deis dóibh iad féin a rangú ó Líofa>Anmhaith>Maith>Réasúnta>Lag

Iarrfar ceist ar fhoirmeacha iarratais fostaíochta maidir le hinniúlacht iarratasóra sa Ghaeilge agus cuirfear ceist amháin ar a laghad as Gaeilge ag am agallamh roghnúcháin.

### 6.3 Poist Shainithe Ghaeilge

Tá na poist liostáilte thíos sainithe mar phoist a mbaineann riachtanas inniúlachta Gaeilge leo. Tá sé i gceist go mbeidh caighdeán shonraithe chreidiúnaithe sa Ghaeilge bainte amach ag sealbhóirí na bpost seo i gcomhréir le cúraim an phoist. Nuair a bhí na poist seo á sainiú, tugadh aird ar leith ar phoist atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta agus ar phoist atá lonnaithe i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht ach ar pobail Ghaeltachta agus/nó Ghaeilge mórán dá mbonn custaiméirí.

Teideal an Phoist	Láthair	An pobal Gaeltachta/Gaeilge ar a bhfuiltear ag freastal	Comharthú den chaighdeán Gaeilge a theastaíonn (roghnaigh ceann: tosaitheoirí, meánleibhéal nó ardleibhéal)
Príomhoidí, Leas-Phríomhoidí, stiúrthóirí, bainisteoirí comhordaitheoirí, agus gach post múinteoirearachta	Scoileanna, ionaid aitheanta oideachais agus seirbhísí eile an Bhoird	Pobal Ghaeltacht na Gaillimhe agus pobal gach gaelcholáiste faoi chúram an Bhoird.	Ardleibhéal inmhianaithe
Rúnaithe, freastalaithe agus poist eile riaracháin	Scoileanna, ionaid aitheanta oideachais agus seirbhísí eile an Bhoird	Pobal Ghaeltacht na Gaillimhe agus pobal gach gaelcholáiste faoi chúram an Bhoird.	Ardleibhéal inmhianaithe

## Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Shinsearach Bainistíochta monatóireacht agus athbhreithniú ar an scéim ar bhonn rialta. Is é Tomás Breathnach, Timire Gaeilge an Bhoird, Roinn Seirbhísí Corparáideacha an teagmhálaí don scéim.

Beidh córas foirmiúil ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí i nGaeilge agus beidh cuntas air sin inár dTuarascáil Bhliantúil.



## Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poibliú inmheánach agus seachtrach ar an scéim seo trí phreasráiteas i dtosach báire. Cuirfimid leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus cuirfear ar fáil í do gach ball foirne agus do na gníomhaireachtaí cuí. Féadfar modhanna eile chun an scéim a phoibliú a úsáid freisin.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhú laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach, ar bhealach réamhghníomhach, maidir leis an rogha atá acu gnó a dhéanamh linn i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeánt ag an bhfáiltiú a luann na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- na seirbhísí sin a liostú in áit ina mbeidh siad le feiceáil go soiléir ar ár suíomh gréasáin;
- cuirfimid in iúl ar threoirínte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach;
- tabharfaimid suntasacht chomhionann d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan **Gaeilge** an leagan oifigiúil den scéim seo.

## **Aguisíní**

Ag éirí as glao poiblí ar aighneachtaí ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI), is mian le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin a aithint go bhfuarthas aighneachtaí ó na heagraíochtaí/daoine aonair seo a leanas:

- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG);
- Foras na Gaeilge;
- Údarás na Gaeltachta;
- Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge;
- Gaelscoileanna Teo.;
- Peadar Mac Fhlannchadha, Craobh Mhaigh Cuilinn de Chonradh na Gaeilge, Maigh Cuilinn. Co. na Gaillimhe;
- Éamon Ó Tuathail, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath; agus
- Mícheál Ó Leidhin, Co. Chiarraí. |